*Uimhir* 42 *de* 2007

# AN tACHT SLÁINTE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.

2. Mínithe.

3. Caiteachais.

4. Aisghairm.

CUID 2

COMHLACHTÍ CORPRAITHE SLÁINTE

5. Orduithe áirithe faoi alt 3 d'Acht 1961 a dhaingniú.

6. Gníomhartha áirithe arna ndéanamh ag comhlachtaí díscaoilte a dhaingniú.

7. Leasú ar orduithe faoi alt 3 d'Acht 1961.

8. Deontais do chomhlachtaí áirithe arna mbunú faoi alt 3 d'Acht 1961.

9. Leasú ar Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

CUID 3

LEASUITHE AR ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ 2007

10. Leasú ar alt 1 d'Acht 2007.

11. Leasú ar alt 2 d'Acht 2007.

12. Leasú ar alt 4 d'Acht 2007.

13. Leasú ar alt 17 d'Acht 2007.

14. Leasú ar alt 36(1) d'Acht 2007.

15. Leasú ar alt 43(2) d'Acht 2007.

16. Leasú ar alt 44 d'Acht 2007.

17. Leasú ar alt 52(3) d'Acht 2007.

18. Leasú ar alt 59 d'Acht 2007.

19. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2007.

20. Leasuithe iarmhartacha ar Acht 2007.

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE 2004

21. Leasú ar alt 38 d'Acht 2004.

SCEIDEAL 1

LEASÚ AR ORDUITHE FAOIN ACHT SLÁINTE (COMHLACHTAÍ CORPRAITHE) 1961

SCEIDEAL 2

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ 2007

---

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 | 1993, Uimh. 8 |
| An tAcht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961 | 1961, Uimh. 27 |
| An tAcht Sláinte 2004 | 2004, Uimh. 42 |
| An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 | 2005, Uimh. 27 |
| Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 | 2007, Uimh, 25 |
| An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 | 2004, Uimh. 7 |

*Uimhir* 42 *de* 2007

# AN tACHT SLÁINTE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO THABHAIRT ÉIFEACHT REACHTÚIL D'ORDUITHE ÁIRITHE ARNA nDÉANAMH FAOIN ACHT SLÁINTE (COMHLACHTAÍ CORPRAITHE) 1961, AGUS DO LEASÚ NA nORDUITHE SIN; DO LEASÚ ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ 2007; DO LEASÚ ALT 38 DEN ACHT SLÁINTE 2004; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN.

[21 *Nollaig*, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

## Réamhráiteach agus Ginearálta

**1**.—Féadfar An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

**2**.—San Acht seo— Mínithe.

ciallaíonn "Acht 1961" an tAcht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961;

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht Sláinte 2004;

ciallaíonn "Acht 2007" Acht na Lia-Chleachtóirí 2007;

ciallaíonn "Aire" an tAire Sláinte agus Leanaí.

**3**.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

**4**.—Aisghairtear alt 70 d'Acht 2004. Aisghairm.

CUID 2

COMHLACHTAÍ CORPRAITHE SLÁINTE

Orduithe áirithe faoi alt 3 d'Acht 1961 a dhaingniú.

**5**.—(1) Faoi réir *fho-alt (6)*, gach ordú faoi alt 3 d'Acht 1961 a rinneadh roimh an Acht seo a rith beidh éifeacht reachtúil leis amhail is dá mba Acht den Oireachtas é.

(2) Gach gníomh a rinne, nó a airbheartaítear a rinne, comhlacht arna bhunú faoi alt 3 d'Acht 1961 faoi réim agus de réir ordaithe arna dhéanamh faoin alt sin beidh sé, agus measfar go raibh sé riamh, bailí agus éifeachtach chun gach críche.

(3) Dá mba rud é go mbeadh *fo-alt (1)* nó *(2)*, murach an fo-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh oibriú an fho-ailt sin faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

(4) Ní oibreoidh an t-alt seo chun cosc a chur le hordú a dhéanamh faoi alt 83 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005.

(5) Leanfaidh an tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, a mhéid a bhí feidhm aige maidir le hoifigeach, seirbhíseach, fostaí nó duine d'fhoireann comhlachta arna bhunú faoi alt 3 d'Acht 1961 díreach roimh an Acht seo a rith, d'fheidhm a bheith aige amhlaidh tar éis an tAcht seo a rith.

(6) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le hordú—

(*a*) a bhí, díreach roimh an Acht seo a rith, arna chúlghairm faoi alt 7 d'Acht 1961, nó

(*b*) más rud é, díreach roimh an Acht seo a rith amhlaidh, go raibh an comhlacht arna bhunú leis an ordú arna dhíscaoileadh faoi aon achtachán eile.

Gníomhartha áirithe arna ndéanamh ag comhlachtaí díscaoilte a dhaingniú.

**6**.—(1) Gach gníomh a rinne, nó a airbheartaítear a rinne, comhlacht díscaoilte, faoi réim agus de réir ordaithe arna dhéanamh faoi alt 3 nó 3A (arna chur isteach le halt 75 agus Cuid 3 de Sceideal 6 a ghabhann le hAcht 2004) d'Acht 1961, beidh sé, agus measfar go raibh sé riamh, bailí agus éifeachtúil chun gach críche.

(2) Dá mba rud é go mbeadh *fo-alt (1)*, murach an fo-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh oibriú an fho-ailt sin faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

(3) San alt seo ciallaíonn "comhlacht díscaoilte"—

(*a*) comhlacht arna bhunú faoi ordú a bhí, díreach roimh an Acht seo a rith, arna chúlghairm faoi alt 7 d'Acht 1961, nó

(*b*) comhlacht a bhí, díreach roimh an Acht seo a rith amhlaidh, arna dhíscaoileadh faoi aon achtachán eile.

**7**.—Leasaítear na horduithe dá dtagraítear i *gcolún (1)* de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i *gcolún (2)* den Sceideal sin.

Leasú ar orduithe faoi alt 3 d'Acht 1961.

**8**.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suim a chinnfidh an tAire a airleacan chuig comhlacht arna bhunú faoi alt 3 d'Acht 1961 as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Deontais do chomhlachtaí áirithe arna mbunú faoi alt 3 d'Acht 1961.

(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le comhlacht arna bhunú leis an Ordú um an gComhairle Náisiúnta Haemaifilia (Bunú) 2004 (I.R. Uimh. 451 de 2004), ná

(*b*) maidir le comhlacht arna bhunú leis an Ordú um Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh (Bunú) 2007 (I.R. Uimh. 246 de 2007).

**9**.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

Leasú ar Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

"Gach comhlacht arna bhunú le hordú lena mbaineann *alt 5* den *Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007*".

## CUID 3

### Leasuithe ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007

**10**.—Leasaítear alt 1 d'Acht 2007 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

Leasú ar alt 1 d'Acht 2007.

"(4) Féadfar le hordú faoi fho-alt (3), i leith aisghairm na nAchtanna a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 1 agus i leith chúlghairm na n-ionstraimí reachtúla a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal sin a dhéantar le halt 3, laethanta éagsúla a cheapadh chun Achtanna éagsúla nó forálacha éagsúla díobh a aisghairm agus chun ionstraimí reachtúla éagsúla nó forálacha éagsúla díobh a chúlghairm.".

**11**.—Leasaítear alt 2 d'Acht 2007—

Leasú ar alt 2 d'Acht 2007.

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cláraithe":

"ciallaíonn 'cláraithe' i ndáil le lia-chleachtóir, cláraithe faoi alt 44, 46, 47, 48, 49 nó 50;",

agus

(*b*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "lia-chleachtóir cláraithe":

"ciallaíonn 'lia-chleachtóir cláraithe'—

(*a*) roimh lá bunaithe an chláir, lia-chleachtóir a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta de thuras

na huaire i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí, agus

(*b*) lá bunaithe an chláir agus dá éis, lia-chleachtóir a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta de thuras na huaire sa chlár;"

Leasú ar alt 4 d'Acht 2007.

**12**.—Leasaítear alt 4 d'Acht 2007—

(*a*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) D'ainneoin aisghairm alt 6 d'Acht 1978 le halt 3, déantar an comhlacht ar a dtugtar Comhairle na nDochtúirí Leighis nó, sa Bhéarla, *The Medical Council*, arna bhunú leis an alt sin den Acht sin a choimeád ar marthain.

(1A) Faoi réir fho-ailt (5) go (7), aon ní a thosaigh an Chomhairle, nó an coiste arna bhunú faoi alt 13(2)(*b*) d'Acht 1978, roimh thosach feidhme an fho-ailt seo, ach nár chríochnaigh sí nó sé, féadfaidh an Chomhairle (agus a comhaltas arna chomhdhéanamh faoin Acht seo) nó an coiste sin (agus a chomhaltas arna chomhdhéanamh faoi alt 13 d'Acht 1978), de réir mar is gá sa chás, é a sheoladh agus a chríochnú, tar éis an tosach feidhme sin de réir na nAchtanna a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 1 agus na n-ionstraimí reachtúla a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal sin d'ainneoin aisghairm agus chúlghairm na nAchtanna sin agus na n-ionstraimí reachtúla sin nó aon fhorálacha díobh le halt 3.",

(*b*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Aon duine is comhalta den choiste dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) ach a scoirfidh de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle faoi alt 17(9)(*b*), measfar chun críocha fho-alt (1A), d'ainneoin an scoir sin de chomhaltas na Comhairle, go gcomhlíonann sé nó sí ceanglais alt 13 d'Acht 1978 a bhaineann le comhaltas an choiste sin.

(5A) An coiste dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) measfar, chun críocha an fho-ailt sin, go gcomhlíonann sé ceanglais mhíreanna *(a)* agus *(b)* d'alt 13(6) d'Acht 1978 a bhaineann lena chomhaltas fiú má scoireann sé de na ceanglais sin a chomhlíonadh toisc duine amháin nó níos mó dá chomhaltaí scor de chomhaltas.",

agus

(*c*) i bhfo-alt (6), trí "Más rud é, de bhun fho-alt (1A)" a chur in ionad "Más rud é, de bhun fho-alt (1)(*b*)".

Leasú ar alt 17 d'Acht 2007.

**13**.—Leasaítear alt 17 d'Acht 2007—

(*a*) i bhfo-alt (8), trí "Faoi réir fho-alt (8A), is iad an 6 lia-chleachtóir cláraithe" a chur in ionad "Is iad an 6 lia-chleachtóir cláraithe",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

"(8A) Forléireofar na tagairtí i bhfo-alt (8) don Rannán Speisialtóirí, chun críocha chéad toghadh agus cheapadh lia-chleachtóirí faoi fho-alt (1)*(f)*, mar thagairtí don Chlár de Shaineolaithe Liachta.",

(*c*) i bhfo-alt (9), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír *(b)*:

"(*b*) aon duine arna cheapadh nó arna ceapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle de bhun alt 9 d'Acht 1978, leanfaidh sé nó sí, faoi réir an Achta sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle go dtí céadcheapadh daoine chun bheith ina gcomhaltaí den Chomhairle de bhun fho-alt (1) agus air sin scoirfidh an duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle mura duine é nó í de na daoine sin a céadcheapadh amhlaidh.",

agus

(*d*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) D'ainneoin daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí den Chomhairle de bhun an ailt seo, féadfaidh an Chomhairle, gan dochar d'alt 4, aon fheidhm a shanntar di le haon fhoráil d'Acht 1978 a chomhlíonadh go dtí go n-aisghairfear an fhoráil sin.".

Leasú ar alt 36(1) d'Acht 2007.

**14**.—Leasaítear alt 36(1) d'Acht 2007 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír *(b)*:

"(*b*) clárú lia-chleachtóra faoi alt 44, 46, 47, 48 nó 49 a choinneáil ar bhonn bliantúil,".

Leasú ar alt 43(2) d'Acht 2007.

**15**.—Leasaítear alt 43(2) d'Acht 2007—

(*a*) i mír (*a*), trí "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 44 nó 46" a chur in ionad "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 46",

(*b*) i mír (*b*), trí "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 44 nó 47" a chur in ionad "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 47",

(*c*) i mír (*c*), trí "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 44, 48 nó 49" a chur in ionad "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 48 nó 49", agus

(*d*) i mír (*d*), trí "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 44 nó 50" a chur in ionad "atá cláraithe sa rannán sin de bhun alt 50".

Leasú ar alt 44 d'Acht 2007.

**16**.—Leasaítear alt 44 d'Acht 2007—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Maidir le lia-chleachtóir a bhfuil a ainm nó a hainm, díreach roimh lá bunaithe an chláir, taifeadta i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí, measfar, an lá sin, go bhfuil sé nó sí cláraithe sa chlár.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "gach ceann de na hailt sin a aisghairm le halt 3" a chur in ionad "thosach feidhme alt 3".

Leasú ar alt 52(3) d'Acht 2007.

**17**.—Leasaítear alt 52(3) d'Acht 2007 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) ina mbeidh an cleachtóir ina ábhar nó ina hábhar—

(i) d'iarratas ar fhiosrúchán faoi alt 45 d'Acht 1978 nach bhfuil breithniú déanta air nó, más cuí, d'fhiosrúchán nach bhfuil críochnaithe faoi Chuid V den Acht sin, nó

(ii) do ghearán nár cuireadh de láimh nó nár déileáladh leis ar shlí eile faoi Chuid 7 agus, más cuí, faoi Chodanna 8 agus 9, nó".

Leasú ar alt 59 d'Acht 2007.

**18**.—Leasaítear alt 59 d'Acht 2007 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, d'fhonn a bhreithniú an bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán, cibé nithe is cuí leis a chur i gcuntas a bhaineann leis an lia-chleachtóir cláraithe is ábhar don ghearán agus a eascraíonn as a imscrúdú ar an ngearán agus aon tagairtí do ghearán san alt seo (seachas fo-alt (10)), sna mínithe ar 'líomhain' agus 'fiosrúchán' in alt 2 agus in ailt 7(2)(*j*), 11(2)(*g*), 20(2), 52(3)(*a*), 60 go 65, 67 go 71 agus 79(2), forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn aon ní den sórt sin.".

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2007.

**19**.—Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2007 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 2:

"2. Ní shealbhóidh aon duine oifig mar chomhalta den Chomhairle ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha is cuma cad é tréimhse gach téarma díobh sin (agus déanfar comhaltas den Chomhairle a tharla roimh thosach feidhme na míre seo a chur i gcuntas chun na críche sin).".

Leasuithe iarmhartacha ar Acht 2007.

**20**.—Déantar gach alt d'Acht 2007 atá luaite i *gcolún (1)* de *Sceideal 2* a leasú a mhéid a shonraítear i *gcolún (2)* den Sceideal sin os coinne an lua sin.

## CUID 4

### Leasú ar an Acht Sláinte 2004

**21**.—Leasaítear alt 38 d'Acht 2004— Leasú ar alt 38 d'Acht 2004.

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Maidir leis na caiteachais a thabhófar le linn iniúchadh a sheoladh ar chuntais arna gcur faoi bhráid na Feidhmeannachta lena scrúdú de réir fho-alt (3), beidh siad iníoctha ag an soláthraí seirbhíse a chuir faoina bráid iad amhlaidh lena scrúdú,",

(*b*) trí fho-alt (4) (arna chur isteach le halt 105 agus le Cuid 4 de Sceideal 2 den Acht Sláinte 2007) a athuimhriú mar fho-alt (4A),

(*c*) trí fho-alt (5) (arna chur isteach leis an alt sin 105 agus leis an gCuid sin 4) a athuimhriú mar fho-alt (4B), agus

(*d*) trí "fho-alt (4A)" a chur in ionad "fho-alt (4)" san fho-alt sin (4B).

## SCEIDEAL 1

*Alt 7.*

### Leasú ar Orduithe faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961

| An tOrdú (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| An tOrdú um Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (Bunú) 1963 (I.R. Uimh. 129 de 1963) | (1) In Airteagal 4(g), cuirfear "le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "le toiliú an Aire".<br><br>(2) Leasófar Airteagal 15—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Faoi réir mhír (1A), ní bhfaighidh duine aon luach saothair as a bheith ag gníomhú mar chomhalta den Bhord.",<br><br>(*b*) tríd an mír seo a leanas a chur isteach:<br><br>"(1A) Déanfaidh an Bord cibé luach saothair (más ann) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le cathaoirleach an Bhoird.",<br><br>agus<br><br>(*c*) trí "le toiliú an Aire Airgeadais" a chur isteach i ndiaidh "an tAire" i mír (2).<br><br>(3) In Airteagal 19, cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (2):<br><br>"(2) Cuirfidh an Bord faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an Aire Oideachais agus Eolaíochta, de réir mar is cuí, cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna a cheanglóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an tAire sin ó am go ham.".<br><br>(4) Leasófar Airteagal 20 (a cuireadh isteach le hAirteagal 4 den Ordú fán Ordú um Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (Bunú) 1963 (Leasú) 1964 (I.R. Uimh. 260 de |

| An tOrdú<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| | 1964)—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh don Bhord.",<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur isteach i ndiaidh " an Bord" i mír (5), agus<br><br>(*c*) trí mhír (7) a scriosadh.<br><br>(5) In Airteagal 21 (arna leasú le hAirteagal 2 den Ordú fán Ordú um Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (Bunú) 1963 (Leasú) 1985 (I.R. Uimh. 245 de 1985), déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire". |
| An tOrdú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú) 1971 (I.R. Uimh. 187 de 1971) | (1) In Airteagal 4, déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(2) Cuirfear an t-airteagal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 4:<br><br>"4A. (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, comhaontú a dhéanamh le duine amháin nó níos mó maidir le haon duine (dá ngairtear an 'gnóthas príobháideach' san alt seo) a shonraítear sa chomhaontú do sholáthar seirbhísí ospidéil nach n-íoctar astu go príomha as airgead poiblí, ar thalamh atá dílsithe don Bhord.<br><br>(2) Féadfar i gcomhaontú lena mbaineann mír (1) foráil a dhéanamh—<br><br>(*a*) maidir le foirgnimh agus saoráidí a fhoirgniú ar thalamh atá dílsithe don Bhord chun seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a sholáthar,<br><br>(*b*) maidir leis an mBord nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do dhiúscairt talún nó leasa i dtalamh—<br><br>(i) chun críocha an fhoirgnithe sin, agus<br><br>(ii) chun go soláthróidh an gnóthas príobháideach na seirbhísí sin,<br><br>agus<br><br>(*c*) maidir leis an ngnóthas príobháideach do bhainistiú agus do reáchtáil an ospidéil a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú i ndáil leis de réir cibé caighdeán, agus cibé ceanglas maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an chomhaontaithe agus maidir leis an gcéanna a fhorfheidhmiú, a bheidh sonraithe sa chomhaontú.<br><br>(3) De dhroim comhaontú lena mbaineann mír (1) a dhéanamh, féadfaidh an Bord, le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, cibé |

| An tOrdú (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| | comhaontuithe eile is dóigh leis is cuí a dhéanamh le gnóthas príobháideach is comhaontuithe lena bhforálfar—<br><br>(*a*) go ndéanfaidh an gnóthas príobháideach cibé seirbhísí a chuireann an gnóthas príobháideach ar fáil ag an ospidéal a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú lena mbaineann i ndáil leis a sholáthar don Bhord, ar seirbhísí iad—<br><br>(i) atá sonraithe sa chomhaontú, nó<br><br>(ii) a chuideodh leis an mBord i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi Airteagal 4,<br><br>(*b*) go ndéanfaidh an Bord cibé seirbhísí atá sonraithe sa chomhaontú a sholáthar don ghnóthas príobháideach chun go soláthróidh an gnóthas príobháideach seirbhísí ospidéil ag an ospidéal sin, agus<br><br>(*c*) go gcomhoibreoidh an Bord leis an ngnóthas príobháideach agus go nglacfaidh an Bord páirt leis—<br><br>(i) in oideachas agus oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne an Bhoird agus ar chomhaltaí foirne an ghnóthais phríobháidigh, agus<br><br>(ii) i seoladh taighde míochaine.<br><br>(4) Féadfaidh foráil a bheith i gcomhaontú lena mbaineann mír (1) maidir le cibé urrúis a bheidh sonraithe sa chomhaontú a thabhairt don Bhord nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an ngnóthas príobháideach nó thar a cheann i leith aon dliteanais de chuid an ghnóthais phríobháidigh, nó i leith mainneachtana ag an ngnóthas príobháideach, nó neamhábaltacht an ghnóthais phríobháidigh, aon cheann dá oibleagáidí faoin gcomhaontú a chomhlíonadh, agus féadfar, ina theannta sin, foráil a dhéanamh sa chomhaontú i ndáil leis an tosaíocht a bheidh le tabhairt d'aon urrús den sórt sin.<br><br>(5) Maidir le haon chomhaontú lena mbaineann mír (3) féadfaidh foráil a bheith ann maidir leis an mBord do shlánú an ghnóthais phríobháidigh i leith aon dliteanais de chuid an ghnóthais phríobháidigh aon suim a íoc le haon duine mar gheall ar aon ghníomh a dhéanfaidh an Bord nó a fhágfaidh sé gan déanamh le linn seirbhís a sholáthar don ghnóthas príobháideach de réir an chomhaontaithe sin.<br><br>(6) Beidh ag an mBord na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach—<br><br>(*a*) chun a fheidhmeanna faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, agus<br><br>(*b*) chun a oibleagáidí a chur i gcrích agus a chearta a fhorfheidhmiú faoi chomhaontú lena mbaineann mír (1) nó (3).<br><br>(7) San Airteagal seo—<br><br>(*a*) déanfar aon tagairt do thalamh atá dílsithe don Bhord a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d'aon leas i dtalamh atá dílsithe don Bhord, agus |

| An tOrdú<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| | (*b*) déanfar aon tagairt do sheirbhísí ospidéil a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do sheirbhísí atá coimhdeach le soláthar seirbhísí ospidéil.<br><br>(8) San Airteagal seo—<br><br>folaíonn 'urrús' morgáiste, muirear nó lian;<br><br>ciallaíonn 'airgead poiblí' airgead arna mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó arna eisiúint as nó arna sholáthar ag an Oireachtas;<br><br>folaíonn 'soláthar' soláthar ar chomaoin luachmhar.".<br><br>(3) In Airteagal 17(2) cuirfear na focail "le toiliú an Aire Airgeadais" isteach i ndiaidh na bhfocal "an tAire".<br><br>(4) Leasófar Airteagal 21—<br><br>(*a*) trí mhír (6) a scriosadh, agus<br><br>(*b*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (7) (a cuireadh isteach le hAirteagal 10 den Ordú fán Ordú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú) 1971 (Leasú) 1984 (I.R. Uimh. 211 de 1984)):<br><br>"(7) Déanfaidh an Bord meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí, agus cibé tráthanna, a éileoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tabharfaidh sé cibé faisnéis bhreise d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a cheanglóidh sí a thabhairt i ndáil leis na meastacháin sin.".<br><br>(5) In Airteagal 22(2), déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(6) Leasófar Airteagal 23 (arna leasú le hAirteagal 11 den Ordú fán Ordú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú) 1971 (Leasú) 1984 (I.R. Uimh. 211 de 1984)—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh don Bhord.",<br><br>agus<br><br>(*b*) trí mhír (5) a scriosadh.<br><br>(7) In Airteagal 25 cuirfear "le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "le toiliú an Aire" gach áit a bhfuil na focail sin.<br><br>(8) In Airteagal 27 (a cuireadh isteach le hAirteagal 12 den Ordú fán Ordú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú) 1971 (Leasú) 1984 (I.R. Uimh. 211 de 1984)) déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé. |

| An tOrdú (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| An tOrdú um Bord Ospidéal Beaumont (Bunú) 1977 (I.R. Uimh. 255 de 1977) | (1) Leasófar Airteagal 4 (a leasaíodh le hAirteagal 2 den Ordú fán Ordú um Bord Ospidéal Beaumont (Bunú) 1977 (Leasú) 1988 (I.R. Uimh. 13 de 1988)—<br><br>(*a*) tríd an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé, agus<br><br>(*b*) trí "agus chun taighde míochaine a sheoladh" a chur isteach i ndiaidh "a theagasc".<br><br>(2) Cuirfear an t-airteagal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 4:<br><br>"4A. (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, comhaontú a dhéanamh le duine amháin nó níos mó maidir le haon duine (dá ngairtear an 'gnóthas príobháideach' san alt seo) a shonraítear sa chomhaontú do sholáthar seirbhísí ospidéil nach n-íoctar astu go príomha as airgead poiblí, ar thalamh atá dílsithe don Bhord.<br><br>(2) Féadfaidh foráil a bheith i gcomhaontú lena mbaineann mír (1)—<br><br>(*a*) maidir le foirgnimh agus saoráidí a fhoirgniú ar thalamh atá dílsithe don Bhord chun seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a sholáthar,<br><br>(*b*) maidir leis an mBord nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do dhiúscairt talún nó leasa i dtalamh—<br><br>(i) chun críocha an fhoirgnithe sin, agus<br><br>(ii) chun go soláthróidh an gnóthas príobháideach na seirbhísí sin,<br><br>agus<br><br>(*c*) maidir leis an ngnóthas príobháideach do bhainistiú agus do reáchtáil an ospidéil a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú i ndáil leis de réir cibé caighdeán, agus cibé ceanglas maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an chomhaontaithe agus maidir leis an gcéanna a fhorfheidhmiú, atá sonraithe sa chomhaontú.<br><br>(3) De dhroim comhaontú lena mbaineann mír (1) a dhéanamh, féadfaidh an Bord, le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, cibé comhaontuithe eile is dóigh leis is cuí a dhéanamh le gnóthas príobháideach lena bhforálfar—<br><br>(*a*) go ndéanfaidh an gnóthas príobháideach cibé seirbhísí a chuireann an gnóthas príobháideach ar fáil ag an ospidéal a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú lena mbaineann i ndáil leis a sholáthar don Bhord, ar seirbhísí iad—<br><br>(i) atá sonraithe sa chomhaontú, nó<br><br>(ii) a chuideodh leis an mBord i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi Airteagal 4,<br><br>(*b*) go ndéanfaidh an Bord cibé seirbhísí atá sonraithe sa chomhaontú a sholáthar don ghnóthas príobháideach chun go soláthróidh an gnóthas príobháideach seirbhísí ospidéil ag an ospidéal sin, agus |

| An tOrdú (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| | (*c*) go gcomhoibreoidh an Bord leis an ngnóthas príobháideach agus go nglacfaidh an Bord páirt leis— |
| | (i) in oideachas agus oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne an Bhoird agus ar chomhaltaí foirne an ghnóthais phríobháidigh, agus |
| | (ii) i seoladh taighde míochaine. |
| | (4) Féadfaidh foráil a bheith i gcomhaontú lena mbaineann mír (1), maidir le cibé urrúis atá sonraithe sa chomhaontú a thabhairt don Bhord nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an ngnóthas príobháideach nó thar a cheann i leith aon dliteanais de chuid an ghnóthais phríobháidigh, nó i leith mainneachtana ag an ngnóthas príobháideach, nó neamhábaltacht an ghnóthais phríobháidigh aon cheann dá oibleagáidí faoin gcomhaontú a chomhlíonadh, agus féadfar, ina theannta sin, foráil a dhéanamh sa chomhaontú i ndáil leis an tosaíocht a bheidh le tabhairt d'aon urrús den sórt sin. |
| | (5) Aon chomhaontú a bhfuil feidhm ag mír (3) i ndáil leis féadfaidh foráil a bheith ann maidir leis an mBord do shlánú an ghnóthais phríobháidigh i leith aon dliteanais de chuid an ghnóthais phríobháidigh aon suim a íoc le haon duine mar gheall ar aon ghníomh a dhéanfaidh an Bord nó a fhágfaidh sé gan déanamh le linn seirbhís a sholáthar don ghnóthas príobháideach de réir an chomhaontaithe sin. |
| | (6) Beidh ag an mBord na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun— |
| | (*a*) a fheidhmeanna faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, agus |
| | (*b*) a oibleagáidí a chur i gcrích agus a chearta a fhorfheidhmiú faoi chomhaontú lena mbaineann mír (1) nó (3). |
| | (7) San Airteagal seo— |
| | (*a*) déanfar aon tagairt do thalamh atá dílsithe don Bhord a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d'aon leas i dtalamh atá dílsithe don Bhord, agus |
| | (*b*) déanfar aon tagairt do sheirbhísí ospidéil a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do sheirbhísí atá coimhdeach le soláthar seirbhísí ospidéil. |
| | (8) San Airteagal seo— |
| | folaíonn 'urrús' morgáiste, muirear nó lian; |
| | ciallaíonn 'airgead poiblí' airgead arna mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó arna eisiúint as nó arna sholáthar ag an Oireachtas; |
| | folaíonn 'soláthar' soláthar ar chomaoin luachmhar.". |
| | (3) In Airteagal 17(2) trí "le toiliú an Aire Airgeadais" a chur isteach i ndiaidh "an tAire". |
| | (4) In Airteagal 21, scriosfar mír (6). |

| An tOrdú<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| | (5) In Airteagal 22(2), déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(6) Leasófar Airteagal 23—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh don Bhord.",<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le toiliú an Aire" i mír (3), agus<br><br>(*c*) trí mhír (5) a scriosadh.<br><br>(7) In Airteagal 25 cuirfear "le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "le toiliú an Aire" gach áit a bhfuil na focail sin. |
| An tOrdú um Bord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar (Bunú) 1979 (I.R. Uimh. 98 de 1979). | (1) In Airteagal 4, cuirfear "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "an tAire".<br><br>(2) In Airteagal 18(2) déanfar "le toiliú an Aire Airgeadais" a chur isteach i ndiaidh "an tAire ".<br><br>(3) Leasófar Airteagal 22—<br><br>(*a*) trí "Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad "an Aire", agus<br><br>(*b*) trí mhír (8) a scriosadh.<br><br>(4) In Airteagal 23(3) déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(5) Leasófar Airteagal 24—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh don Bhord.",<br><br>agus<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le toiliú an Aire" i mír (3). |

| An tOrdú<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| An tOrdú um Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí (Bunú) 1988 (I.R. Uimh. 76 de 1988) | (1) In Airteagal 4 (arna chur isteach le hAirteagal 2 den Ordú fán Ordú um Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí (Bunú) 1988 (Leasú) 1992 (I.R. Uimh. 296 de 1992)), déanfar an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire” gach áit a bhfuil sé, seachas i bhfomhír (m) de mhír (1).<br><br>(2) In Airteagal 16, déanfar “le toiliú an Aire Airgeadais” a chur isteach i ndiaidh “an tAire”.<br><br>(3) In Airteagal 20, déanfar an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire”.<br><br>(4) In Airteagal 21, scriosfar mír (6).<br><br>(5) In Airteagal 22(2), déanfar an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire” gach áit a bhfuil sé.<br><br>(6) Leasófar Airteagal 23—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>“(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham a fhostú chun bheith ina bhfostaithe de chuid an Bhoird.”,<br><br>(*b*) trí “le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais” a chur in ionad “le toiliú an Aire” i mír (3), agus<br><br>(*c*) trí mhír (5) a scriosadh.<br><br>(7) Leasófar Airteagal 25—<br><br>(*a*) trí “le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad “le toiliú an Aire agus le ceadú an Aire Airgeadais” i mír (1), agus<br><br>(*b*) trí “le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad “le toiliú an Aire”. |
| An tOrdú um Bord Ospidéal Naomh Lúcás (Bunú) 1999 (I.R. Uimh. 253 de 1999) | (1) Leasófar Airteagal 5—<br><br>(*a*) tríd an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire” gach áit a bhfuil sé, agus<br><br>(*b*) trí “don Aire,” a scriosadh i bhfomhír (h).<br><br>(2) In Airteagal 20, déanfar an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire” gach áit a bhfuil sé.<br><br>(3) In Airteagal 21(2), déanfar an leagan cuí gramadaí de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire” gach áit a bhfuil sé.<br><br>(4) Leasófar Airteagal 22—<br><br>(*a*) trí “le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais” a chur in ionad “ le ceadú an Aire”, agus |

| An tOrdú (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| | (*b*) trí "an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "an tAire".<br><br>(5) Leasófar Airteagal 23—<br><br>(*a*) i mír (1)—<br><br>(i) trí "faoi réir cheadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "faoi réir cheadú an Aire", agus<br><br>(ii) trí "a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "a thabharfaidh an tAire", agus<br><br>(*b*) trí mhír (4) a scriosadh.<br><br>(6) In Airteagal 26, déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(7) In Airteagal 27, cuirfear "faoi réir cheadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "faoi réir cheadú an Aire". |
| An tOrdú um an gComhairle Náisiúnta Haemaifilia (Bunú) 2004 (I.R. Uimh. 451 de 2004). | (1) In Airteagal 5(2), déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(2) Leasófar Airteagal 17—<br><br>(*a*) trí "faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad "faoi bhráid an Aire" i mír (1), agus<br><br>(*b*) tríd an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé.<br><br>(3) Leasófar Airteagal 18—<br><br>(*a*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le ceadú an Aire" i mír (2), agus<br><br>(*b*) trí "an Chomhairle, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "an tAire le toiliú an Aire Airgeadais".<br><br>(4) Leasófar Airteagal 19—<br><br>(*a*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le ceadú an Aire, le toiliú an Aire Airgeadais" i mír (1), agus<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "faoi réir cheadú an Aire, le toiliú an Aire Airgeadais" i mír (2) gach áit a bhfuil sé.<br><br>(5) In Airteagal 24, déanfar an leagan cuí gramadaí de "Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Aire" gach áit a bhfuil sé. |
| An tOrdú um | (1) Cuirfear an t-airteagal seo a leanas isteach i ndiaidh |

| An tOrdú<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh (Bunú) 2007 (I.R. Uimh. 246 de 2007). | Airteagal 14:<br><br>"14A. Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé suimeanna a chinnfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a airleacan leis an mBord as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.".<br><br>(2) Leasófar Airteagal 16—<br><br>(*a*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le ceadú an Aire" i mír (2), agus<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" i mír (4).<br><br>(3) Leasófar Airteagal 17—<br><br>(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (1):<br><br>"(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus de réir cibé ordachán (más ann) a thabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le toiliú gach duine de na hAirí sin den Rialtas, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Bord ó am go ham, a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Bhoird.",<br><br>(*b*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "faoi réir cheadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais" i mír (2), agus<br><br>(*c*) trí "le ceadú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna thabhairt le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais" a chur in ionad "faoi réir cheadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais" i mír (3).<br><br>(4) In Airteagal 21, cuirfear "le toiliú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" in ionad "le toiliú an Aire". |

## SCEIDEAL 2

*Alt 20.*

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ 2007

| Alt (1) | Méid an leasaithe (2) |
|---|---|
| 19 | (1) I bhfo-alt (1), cuirfear "tar éis na comhaltaí sin a chéadcheapadh de bhun alt 17" in ionad "tar éis thosach feidhme alt 17".<br><br>(2) I bhfo-alt (2), cuirfear "tar éis comhaltaí na Comhairle a chéadcheapadh de bhun alt 17" in ionad "tar éis thosach feidhme alt 17". |
| 24 | I bhfo-alt (4)—<br><br>(*a*) cuirfear "alt 16 d'Acht 1978" in ionad "Acht 1978",<br><br>(*b*) cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh thosach feidhme an ailt sin",<br><br>(*c*) i mír (a), cuirfear "ar an aisghairm sin" in ionad "ar an tosach feidhme sin" agus cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin", agus<br><br>(*d*) i mír (b), cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin". |
| 25 | I bhfo-alt (4)—<br><br>(*a*) cuirfear "alt 17 d'Acht 1978" in ionad "Acht 1978",<br><br>(*b*) cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh thosach feidhme alt 3",<br><br>(*c*) i mír (a), cuirfear "ar an aisghairm sin" in ionad "ar an tosach feidhme sin" agus cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin", agus<br><br>(*d*) i mír (b), cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin". |
| 49 | I bhfo-alt (4), cuirfear "aisghairm alt 28 d'Acht 1978 le halt 3, beidh feidhm ag an alt sin" in ionad "aisghairm Acht 1978 le halt 3, beidh feidhm ag alt 28 d'Acht 1978". |
| 57 | I bhfo-alt (8), cuirfear "aisghairm alt 45 d'Acht 1978 a bhreithniú, nó a bhreithniú tuilleadh, más rud é go raibh an ní ina ábhar d'iarratas faoin alt sin" in ionad "thosach feidhme alt 3 a bhreithniú, nó a bhreithniú tuilleadh, más rud é go raibh an ní ina ábhar d'iarratas faoi alt 45 d'Acht 1978". |
| 88 | I bhfo-alt (6)—<br><br>(*a*) Cuirfear "Gan dochar d'fho-alt (2)(a), ar thosach feidhme an fho-ailt seo" in ionad "D'ainneoin aisghairm Acht 1978 le halt 3",<br><br>(*b*) i mír (a), cuirfear "ar an tosach feidhme sin" in ionad "ar thosach feidhme alt 3", agus<br><br>(*c*) i mír (b), cuirfear "thosach feidhme an fho-ailt seo" in ionad "thosach feidhme alt 3". |
| 89 | I bhfo-alt (7)—<br><br>(*a*) cuirfear "alt 38 d'Acht 1978" in ionad "Acht 1978",<br><br>(*b*) i mír (*a*)—<br><br>(i) cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh thosach feidhme alt 3",<br><br>(ii) i bhfomhír (i), cuirfear "ar an aisghairm sin" in ionad "ar an tosach feidhme sin", agus |

| Alt<br>(1) | Méid an leasaithe<br>(2) |
|---|---|
| | (iii) i bhfomhír (ii), cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin",<br><br>agus<br><br>(*c*) i mír (*b*)—<br><br>(i) cuirfear "dár tugadh aitheantas faoi fho-alt (3) d'alt 38 den Acht sin, díreach roimh aisghairm an ailt sin 38" in ionad "dár tugadh aitheantas faoi alt 38(3) den Acht sin, díreach roimh thosach feidhme alt 3",<br><br>(ii) i bhfomhír (i), cuirfear "ar an aisghairm sin" in ionad "ar an tosach feidhme sin", agus<br><br>(iii) i bhfomhír (ii), cuirfear "díreach roimh an aisghairm sin" in ionad "díreach roimh an tosach feidhme sin". |
| 108 | I bhfo-alt (2)—<br><br>(*a*) cuirfear "ar lá bunaithe an chláir agus dá éis," isteach i ndiaidh "aon ionstraim reachtúil,", agus<br><br>(*b*) cuirfear "don chlár" in ionad "d'aon rannán den chlár". |
| 109 | I bhfo-alt (1)—<br><br>(*a*) cuirfear "ar aisghairm alt 59 d'Acht 1978 nó dá éis sin" in ionad "ar thosach feidhme alt 3 nó dá éis sin", agus<br><br>(*b*) cuirfear "ar an aisghairm sin nó dá éis" in ionad "ar an tosach feidhme sin nó dá éis". |